# CUIR DATH AR
# OIDHREACHT LÚ



Ba í Oifig Oidhreachta Chomhairle Contae Lú a chuir an leabhar seo i dtoll a chéile mar chuid de Phlean Oidhreachta Chontae Lú, le maoiniú ón gComhairle Oidhreachta


**Focail bhuíochais:**
Coincheap: Comhairle Contae Chill Dara
Maisiú: DoodleMoose Designs
Téacs: Brendan McSherry, Oifigeach Oidhreachta
le Comhairle Contae Lú
Aistriúchán: Clare Rowland
Maoiniú: Comhairle Contae Lú agus an Chomhairle Oidhreachta

Tá leaganacha Bhéarla na tharraingeoireachtaí seo ar fáil ar suíomh idirlíon Oidhreachta Lú ag 'www.louthheritage.ie'.
Lean "Louth Heritage" ar Facebook

English-language versions of these illustrations are available on the Louth Heritage website: www.louthheritage.ie.
You can follow Louth Heritage on Facebook



Mise Setanta.
Seans go bhfuil aithne agat orm cheana féin mar Chú Chulainn; sin an t-ainm a bheidh orm mar dhuine fásta.
Lean mé go bhfeice tú cuid d'oidhreacht iontach Lú.

# MÓTA BHAILE AN CHAISLEÁIN



D'fhás mé suas i nDún Dealgan, san áit a dtugtar Móta Bhaile an Chaisleáin air anois. Ciallaíonn Dún Dealgan dún na deilge. Thóg na Normannaigh caisleán 'móta' ar mo dhún, agus níos déanaí thóg an 'Foghlaí Mara Ó Broin' teach mór sa mhullach air.

# CNOC AN MHUILINN



Seo caisleán Dhroichead Átha. Cnoc an Mhuilinn a thugtar air mar go mbíodh muileann gaoithe ar a bharr fadó. Timpeall 200 bliain ó shin a tógadh na foirgnimh atá ann anois. Scriosadh an túr sa Chogadh Cathartha agus atógadh é don bhliain 2000. Tá gunnaí móra agus músaem den scoth ann!

# BAILE TRÁ




Tá an sráidbhaile gleoite seo gar do thrá mór ag béal na Bóinne. Cosnaíonn muintir na háite na 'geabhróga beaga' a dhéanann nead ar an trá.

# CAISLEÁN BHAILE ÁTHA FHIRDHIA



Tógadh an caisleán seo fadó chun muintir na Breataine in Éirinn a chosaint. Tá dhá chaisleán ar an bpríomhshráid. 'Tithe túir' a thugtar orthu agus is é Caisleán Bhaile Átha Fhirdhia an teach túir is mó in Éirinn. Teach cúirte agus príosún a bhí ann, uair amháin.

# AN MHAINISTIR MHÓR




Bunaíodh an mhainistir seo i 1142. Ba é an chéad mhainistir a tógadh in Éirinn ar an stíl Eorpach. Ba anseo a ghéill Aodh Ó Néill do na Sasanaigh i 1603. Chaith Uilliam Oráiste tamall anseo roimh Chath na Bóinne i 1690.

# TEACH BHÉILINN



Is teach é seo, ní caisleán é. Tá sé ar cheann de na tithe móra is sine in Éirinn. Is féidir cuairt a thabhairt air agus féachaint ar mhúsaem na gcarranna rásaíochta ann.

# CROMLEAC PHROILÍG



Cúig mhíle bliain ó shin, cuireadh an chloch ollmhór 40 tona seo sa mhullach ar thrí chloch eile. Cuireadh daoine tábhachtacha sa spás laistigh de na clocha tar éis bháis dóibh. Níl a fhios ag aon duine anois cérbh iad na daoine sin.

# TARBHEALACH NA BÓINNE



In 1855 a tógadh an droichead mór seo chun traenacha a thabhairt trasna Abhainn na Bóinne. Tá sé chomh hard sin gur féidir le longa seoil gabháil isteach faoi.

# AN BEALACH GLAS IDIR Ó MÉITH AGUS CAIRLINN



Ní ann níos mó don droichead sa phictiúr seo. Leagadh é nuair a dúnadh an bóthar iarainn ón Iúir go dtí an Grianfort i 1951. Tá bealach glas álainn ann anois, an chuid is mó de ar an seanbhóthar iarainn, ach ní théann sé trasna Abhainn an Ríleáin.

# AN CATH AG AN ÁTH I MBAILE ÁTHA FHIRDHIA



Sula raibh droichead ann, théadh daoine trasna na habhann ag áiteanna ina raibh an t-uisce éadomhain. Áthanna a thugtaí ar na háiteanna éadoimhne seo. Tógadh dúnta agus bailte agus troideadh cathanna ag na háthanna seo. Seo an áit a tharla an troid idir Cú Chulainn agus Ferdia, an cara ab fhearr a bhí aige. Baile Átha Fhirdhia a thugtar ar an áth seo anois.

# MAINISTIR BHUITHE



Seo an t-ardchros is airde ar domhan. Tá sé suite ag Mainistir Bhuithe. Cailleadh an saibhreas go léir a bhí sa mhainistir seo nuair a cuireadh an túr trí thine i 1098.

# EAGLAIS NA hÉIREANN, COLLANN




Tá an eaglais álainn seo 200 bliain d'aois. Tá sé an-chosúil le heaglais in Cambridge, an baile ollscoile i Sasana (Coláiste an Rí).

# CAISLEÁN DE RÓISTE



Bean shaibhir as Sasana a thóg an caisleán seo ar bharr aille, chun seanteorainn a chosaint. Tá cnoic Uladh Theas le feiceáil ón gcaisleán.

# SLIABH FEÁ




Seo an pointe is airde i gContae Lú. Tá sé 589 méadar ar airde. As carraig chrua dhubh, a dtugtar gabró air, atá Sliabh Feá déanta.

# GEATA SAN LABHRÁS




Barbacán a thugtar ar an gcineál geata seo, bhíodh ar dhaoine dul tríd an barbacán chun an geata a shroicheadh. Seo é an t-aon bharbacán atá fágtha i nDroichead Átha. Tá sé ar cheann de na barbacáin is foirfe san Eoraip.

# AN TEACH CÚIRTE, DÚN DEALGAN



Tá 200 bliain ann ó tógadh teach cúirte Dhún Dealgan agus tá sé cosúil le teampall Gréagach.  Ar Chearnóg an Mhargaidh i nDún Dealgan atá sé.

# PORT OIRIALLA, CEANN CHLOCHAIR



Is áit bhreá í seo le báid iascaigh, rónta agus forachain dhubha a fheiceáil. Gheobhaidh tú radharc ar na Beanna Boirche ón gceann tíre.

# TUÍ UÍ FHOGHLÚ (FOLEY'S THATCH)



Is é seo an díon faoi thuí is mó i gContae Lú. Tá seomra tae istigh faoi, i sráidbhaile álainn Chaisleán an Ghearlánaigh. Sin an t-ainm a bhí air sular tháinig muintir 'Bellingham' isteach sa cheantar.

# MANACH AG LÉAMH, DÚN LÉIRE



Bhí mainistir i nDún Léire fadó agus Lann Léire an t-ainm a bhí air. Bhí scríobh agus léamh ag na manaigh, rud nach raibh ag formhór na ndaoine fadó (cosúil liomsa).

# CAIRLINN AGUS AN FATHACH FAOI SHUAN




Bhí Cairlinn ar cheann de na bailte ba thábhachtaí in Éirinn na céadta bliain ó shin de bhrí go raibh cuan maith ann agus caisleán ann chun é a chosaint. Is deas an áit é i gcónaí le dul ar cuairt. Ón gcruth atá ar an sliabh, shílfeá gur Fionn Mac Cumhaill faoi shuan ina luí ar a dhroim atá ann.

# ÁTH NA gCASÁN




Tagann dhá abhainn le chéile anseo sula dtéann siad isteach i mBá Dhún Dealgan. Is baile beag iascaigh é agus ba é an chéad 'longphort' a thóg na Lochlannaigh in Éirinn.

# ROILLIGH, BÁ DHÚN DEALGAN




Tagann níos mó éan fiáin i dtír i mBá Dhún Dealgan gach aon geimhreadh, ná in aon áit eile in Éirinn. Is é seo an áit is fearr in Éirinn le roilligh, cosúil leis na gcinn seo, a fheiceáil. Itheann siad ruacain – sliogéisc bheaga a mbíonn tóir ag iascaigh orthu freisin.

# CLOCH CHÚ CHULAINN



Seo í an áit a chríochnaíonn scéal Chu Chulainn.
Ceanglaíodh de chloch mhór é os comhair a naimhde.
Cuireadh an chloch seo in airde breis is 3,000 bliain ó shin
agus ba é 'Cloch an Fhír Mhóir' an t-ainm a bhí air riamh.


Traein ag Trasnú Droichid ar Abhainn an Ríleáin
Sliabh Feá
Caisleán de Róiste
Cromleac Phroilig
Cairlinn agus an Fathach faoi Shuan
Móta Bhaile an Chaisleáin
An Teach Cúirte, Dún Dealgan
DÚN DEALGAN
Cloch Chú Chulainn
Bá Dhún Dealgan
Tuí Uí Fhoghlú (Foley's Thatch)
Áth na gCasán
An Troid ag an Áth agus Caisleán Bhaile Átha Fhirdhia
ÁTH FHIRDHIA
DÚN LÉIRE
Manach ag Léamh
Port Oirialla, Ceann Chlochair
Eaglais na hÉireann Collann
Mainistir Bhuithe
An Mhainistir Mhór
DROICHEAD ÁTHA
Baile Trá
Teach Bhéilinn
Tarbhealach na Bóinne
Geata San Labhrás
Cnoc an Mhuilinn




Comhairle Contae Lú
Louth County Council

An Chomhairle Oidhreachta
The Heritage Council